

**COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH.
FÓGRA LÁITHREÁIN**

TÁ AR INTINN AGAM/AGAINN

2

IARRATAS A DHÉANAMH AR ⁽³⁾

{ } CEAD

{ } CEAD COINNEÁLA

{ } CEAD IMLÍNE

{ } CEAD DE DHROIM THABHAIRT CEAD IMLÍNE
(Uimhir Thagartha Imlíne _____)

Le haghaidh forbartha ar an láithreán seo

4

Cuimseoidh/cuimsíonn an fhorbairt seo ⁵ _____

6

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mbeidh níos mó ná an costas réasúnach a ghabhann le cóip a dhéanamh ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Roinn Pleanála, Bunurlár, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, le linn a **n-uaireanta oscailte poiblí (9.00am-4.30pm)**.

Ar íoc na táille forordaithe (€20.00), féadfar aighneacht nó tuairim i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála laistigh den tréimhse 5 seachtaine ag tosú ar an dáta a gheobhaidh an t-údarás an t-iarratas. Déanfaidh an t-údarás pleanála aighneacht nó tuairim den sórt seo a mheas agus é ag déanamh cinneadh maidir leis an iarratas. Féadfaidh an t-údarás pleanála cead a dheonú faoi réir nó d'éagmais coinníollacha nó féadfaidh sé cead a dheonú nó a dhiúltú.

7

Sínithe: _____

Seoladh an Ghníomhaire [más infheidhme] _____

8

Dáta ar a tógadh an fógra láithreáin _____

Suíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:
www.dublincity.ie

Treoracha chun an fógra seo a chomhlánú.

1. Ba chóir ainm an údaráis phleanála a seolfar an t-iarratas pleanála chucu a chur isteach anseo.
2. Ba chóir ainm an iarratasóra ar chead (ní a g(h)níomhaire) a chur isteach anseo.
3. Scríos mar is cuí. Is iad seo a leanas na cineálacha ceadanna ar féidir iarratas a dhéanamh orthu –
 - (a) cead,
 - (b) cead coinneála,
 - (c) cead imlíne,
 - (d) cead de dhroim thabhairt cead imlíne. Má tá cead den chineál seo á lorg, ba chóir uimhir thagartha an cheada imlíne ábhartha ar an gclárann pleanála a chur san áireamh.
4. Ba chóir suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúir a mbaineann an t-iarratas leis a chur isteach anseo.
5. Scríos mar is cuí. Ba chóir an aimsir láithreach a úsáid i gcás ina bhfuil cead coinneála á lorg.
6. Ba chóir tuairisc ghearr ar chineál agus méid na forbartha a chur isteach anseo. Cuimseoidh an tuairisc –
 - (a) i gcás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arb ionann í agus soláthar tithe nó a chuimsíonn soláthar tithe, líon na dtithe a sholáthrófar. ‘Áirítear le tithe foirgnimh deartha mar bhreis agus 2 áit chónaithe nó árasán nó áit chónaithe eile laistigh d'fhoirgneamh,
 - (b) i gcás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a choinneáil, cineál úsáid mholta an struchtúir, agus de réir mar is cuí, an tréimhse lena mbeartaítear an struchtúr a choinneáil,
 - (c) i gcás go mbaineann an t-iarratas le forbairt arb ionann í agus oibreacha a dhéanamh ar struchtúr cosanta nó struchtúr cosanta molta, nó le forbairt a chuimseodh oibreacha dá leithéid, ní mór é sin a chur in iúl,
 - (d) i gcás gur ullmhaíodh ráiteas faoin tionchar ar an gcomhshaol i ndáil leis an iarratas pleanála, ní mór é sin a chur in iúl,
 - (e) i gcás go mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn nó atá chun críocha gníomhaíochta a bhfuil ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú nó ceadúnas dramhaíola de dhíth uirthi, ní mór é sin a chur in iúl, nó
 - (f) i gcás go mbaineann iarratas pleanála le forbairt a bhfuil soláthar nó modhnuithe ar bhunaíocht laistigh de bhrí Chuid 11 de na Rialacháin seo (Treoir maidir le Mórthionóiscí), ní mór é sin a chur in iúl.
7. Ba chóir síniú an iarratasóra nó síniú agus seoladh teagmhála an duine ag feidhmiú thar ceann an iarratasóra a chur isteach anseo.
8. Ba chóir an dáta ar a tógadh nó ar a ceanglaíodh an fógra ag an láithreán a chur isteach anseo.